An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers

# NUACHTLITIR STAIDÉAR GNÓ

Eagrán 3 | Samhain 2020

## San eagrán seo..


- Fáilte
- Staidéar Gnó Leasaithe CBA1 do 2020/2021
- Scéal Rathúil Tionól Teagaisc
- Nasc Cheartas Airgeadais Éireann
- Oscailte le haghaidh Gnó
- Fóram Ar Líne
- Machnamh
- Seimineár Gréasáin ar Fhoghlaim Chumaisc ar na bacáin
- Acmhainn Ghaeilge CICT (an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí )



Info@jct.ie

@jct_Business

www.jct.ie


Fáilte go dtí an 3ú nuachtlitir againn sa bhliain acadúil seo. Tugann ár Nuachtlitir mhíosúil forbhreathnú ar roinnt den nuacht agus de na himeachtaí a bhaineann le Foireann Staidéar Gnó an SSM. Seol aon cheisteanna nó aon fhiosrúchán a bheadh agat chuig info@jct.ie

### MRB 1 Leasaithe an Staidéir Ghnó do 2020 / 21

Leasaigh an CNCM Measúnú Rangbhunaithe 1 don scoilbhliain 2020-21 (scoláirí 2ú bliain). Don scoilbhliain 2020-21, ina áit sin, déanfaidh scoláirí na dara bliana MRB 1 **a mheasfar ar bhonn aonair**. Cuirfear an MRB 1 leasaithe seo i gcrích thar thréimhse **trí seachtaine** ar bhonn aonair. Agus iad ag déanamh an MRB 1 leasaithe seo, cuirfidh gach scoláire **Tuairisc Aonair** ar fáil.
Níl aon athrú ar an uain ina ndéanfar an MRB 1 seo. Féadfaidh scoláirí reatha an dara bliain tabhairt faoin MRB 1 leasaithe seo ón Luan 2 Samhain 2020. Is é an 14 Bealtaine 2021 an dáta is déanaí chun MRB 1 a chur i gcrích. Tá sonraí iomlána na leasuithe agus na ndoiciméad tacaíochta a ghabhann leo, lena n-áirítear "Treoirlínte do Mheasúnú Rangbhunaithe 1: Gnó á Chur i nGníomh do 2020-21 (scoláirí 2ú Bliain)" ar fáil trí chliceáil ar an nasc thíos:

https://curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/Business-Studies/?lang=ga-ie

**"Aire a Thabhairt don Ghnó"** Tionól Teagaisc ar Líne: Déardaoin an 15 Deireadh Fómhair rinne ár gcomhlaigh Tionól Múinteoirí ar líne thar a bheith rathúil a sheachadadh. San iomlán d'fhreastail os cionn 120 múinteoir, ar cheann de 6 cheardlann éagsúla, agus is breis agus 360 nóiméad d'éascú ar líne a chuir ár gcomhlaigh Staidéar Gnó ar fáil ar an oíche.
Thug **Foireann Staidéar Gnó** SSM i gcomhpháirtíocht le Ceartas Airgeadais Éireann ceardlann ar líne '**Ní Gnó mar is Gnách é**' do mhúinteoirí Staidéar Gnó Déardaoin an 12 Samhain 2020. D'fhreastail os cionn 100 múinteoir uirthi. Ba mhaith linn buíochas ar leith a ghabháil le hÉilis Ryan ó Cheartas Airgeadais Éireann as a cur i láthair iontach ar an oíche. Pacáladh an cheardlann le go leor smaointe iontacha chun ábhair agus téamaí a iniúchadh a bhaineann le curaclam an Staidéir Ghnó.
Beidh sraith eile de cheardlanna á n-óstáil ag Ceartas Airgeadais Éireann sna seachtainí agus sna míonna amach romhainn ina scrúdófar a n-acmhainn 'Ní Gnó mar Is Gnách é',. Beidh an chéad cheann díobh sin ar siúl ar an 10 Nollaig agus roinnfimid na sonraí chun clárú dó sin trí liosta Seoltaí Staidéar Gnó SSM in am trátha. Tá an Acmhainn 'Ní Gnó mar is Gnách é' ar fáil le híoslódáil anseo: https://www.financialjustice.ie/assets/files/pdf/not_business_as_usual_resource.pdf

Bhí ár bhfóram plé ar líne **'Oscailte le haghaidh Gnó'** ar siúl Dé Luain an 19 Deireadh Fómhair. Le linn an fhóraim seo, phléigh **John O'Sullivan** na hacmhainní nua iomadúla atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Staidéir Ghnó ar https://jct.ie/leagangaeilge/business_studies/business_studies_ga .
Ina measc sin bhí Seimineár Gréasáin do MRB 1 nua 2020, Pleanáil le Torthaí Foghlama agus an acmhainn, Foghlaim Ghníomhach i Seomra Ranga ina bhfuil Scaradh Fisiciúil agus a lán eile nach iad. Phléigh **Joe Stafford** Tuarascáil ar Luathachtú Staidéar Gnó an SS a d'fhoilsigh CNCM. Is féidir teacht ar an tuarascáil iomlán anseo. Rinneadh iniúchadh le linn an chomhrá ar roinnt príomhghnéithe den tuarascáil agus fócas ar leith ar na himpleachtaí do chleachtas teagaisc, foghlama, measúnaithe agus seomra ranga. Phléigh **Jimmy Meaney** an ghrafaic faisnéise nua, Pleanáil le Torthaí Foghlama, a bheas ar fáil le híoslódáil anseo sna seachtainí amach romhainn.
Ba phlé machnamhach é mír **Sean Mullholland** a spreag go leor machnaimh ar na ceisteanna 'cad é?', 'cad é faoi?' agus 'anois cad é?' a d'éirigh as Tuarascáil Phríomhscrúdaitheoir an CSS, a foilsíodh le déanaí, ar pháipéar Scrúdaithe Scríofa Deiridh Staidéar Gnó 2019 an CSS. Tá an tuarascáil sin ar fáil anseo
Is é ár seimineár gréasáin **'Foghlaim Chumaisc do Mhúinteoirí Staidéar Gnó'** an chéad imeacht eile ar líne de chuid Staidéar Gnó an SSM, a bheas ar siúl Dé Máirt an 24 Samhain ó 7pm - 8.15pm. Is cinnte go mbeidh an seimineár gréasáin seo ina imeacht faisnéiseach agus tarraingteach agus breithneoidh sé na rudaí a ba chóir do mhúinteoirí Staidéar Gnó a chur san áireamh agus iad ag pleanáil do chur chuige foghlaim chumaisc i leith teagaisc agus foghlama. Más mian leat clárú don seimineár gréasáin seo, is féidir é sin a dhéanamh trí chliceáil ar https://attendee.gotowebinar.com/register/938610606477217039

**CCPC Leagan Gaeilge Resource:**

I gcomhar leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta tá sraith an-úsáideach d'acmhainní curtha le chéile ag an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) dírithe ar réimse topaicí "Cúrsaí Airgid" i gcomhair Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí. I measc na dtacaí sa tsraith seo tá físeáin, gníomhaíochtaí, OneNote Idirghníomhach agus réimse d'ábhair spreagtha a chuirtear i láthair trí Ghaeilge chun cabhrú le scoláirí agus le múinteoirí i seomraí ranga lán-Ghaeilge. Is féidir na tacaí seo a fháil ag https://moneymatters.ccpc.ie/abhair-airgid/staidear-gno/